Leasú 18
Karima Delli
thar ceann an Choiste um Iompar agus um Thurasóireacht

Tuarascáil **A8-0062/2019**
Pavel Telička
Rialacha comhchoiteanna lena n-áirithítear aernascacht bhunúsach i dtaca le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas
(COM(2018)0893 – C8-0510/2018 – 2018/0433(COD))

Togra le haghaidh rialacháin
–

LEASUITHE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA*

ar an togra ón gCoimisiún

RIALACHÁN (AE) 2019/...
Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an ...

maidir le rialacha comhchoiteanna lena n-áirithítear aernascacht bhunúsach i dtaca le tarraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

* Leasuithe: tá téacs nua nó téacs atá curtha in ionad téacs eile aibhsithe le ***cló trom iodálach***, agus tá téacs atá scriosta léirithe leis an tsiombail ▌.

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

1 Tuairim an 20 Feabhra 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

2 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an ... [(IO...)/(nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)] agus cinneadh ón gComhairle an ....”

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 29 Márta 2017, thíolaic an Ríocht Aontaithe fógra á rá go raibh sé ar intinn aici tarraingt siar as an Aontas de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe ó dháta theacht i bhfeidhm comhaontaithe um tharraingt siar nó, ina éagmais sin, dhá bhliain tar éis an fhógra sin, eadhon ón 30 Márta 2019, mura rud é go gcinneann an Chomhairle Eorpach d'aon toil, i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe, an tréimhse sin a fhadú.

(2) Leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] na coinníollacha maidir le ceadúnas oibríochta an Aontais a dheonú d'aeriompróirí agus bunaítear leis an tsaoirse aersheirbhísí a sholáthar laistigh den Aontas Eorpach.

(3) In éagmais aon fhorálacha speisialta, chuirfeadh tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas deireadh leis na cearta agus na hoibleagáidí uile a thagann as dlí an Aontais maidir le rochtain ar an margadh a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, a mhéid a bhaineann sin leis an gcaidreamh idir an Ríocht Aontaithe agus na 27 mBallstát eile.

[3] Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal (IO L 293, 31.10.2008, lch. 3).

(4) Dá bharr sin, is gá sraith beart sealadach a bhunú lena gcumasófar d'iompróirí atá ceadúnaithe sa Ríocht Aontaithe seirbhísí aeriompair a chur ar fáil idir a críoch sin agus na 27 mBallstát eile. Chun cothromaíocht iomchuí a áirithiú idir an Ríocht Aontaithe agus na 27 Ballstát eile, níor cheart na cearta a thabharfar ar an gcaoi sin a thabhairt ach amháin ar choinníoll go dtabharfaidh an Ríocht Aontaithe cearta coibhéiseacha d'aeriompróirí atá ceadúnaithe san Aontas agus go mbeidh siad faoi réir coinníollacha áirithe lena n-áiritheofar an iomaíocht chóir.

(5) Chun léiriú a thabhairt ar an nádúr sealadach atá ag cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart é a theorannú do thréimhse ama ghearr, gan dochar d'aon chomhaontú a bhféadfaí caibidlíocht a dhéanamh lena aghaidh agus a d'fhéadfadh teacht i bhfeidhm amach anseo lena gcumhdófaí soláthar aersheirbhísí leis an Ríocht Aontaithe, arb aersheirbhísí iad ***a bhfuil an tAontas ina pháirtí iontu***. ***Ba cheart údarú a thabhairt don Choimisiún, a luaithe is féidir, arna mholadh sin, chun comhaontú cuimsitheach aeriompair a chaibidliú leis an Ríocht Aontaithe. Ba cheart an comhaontú sin a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích gan mhoill***.

(6) Chun leibhéil nascachta a bheidh chun leasa an dá thaobh a chothabháil, ba cheart foráil a dhéanamh do shocruithe margaíochta comhoibritheacha, amhail códroinnt d'aeriompróirí na Ríochta Aontaithe agus aeriompróirí an Aontais araon i gcomhréir le prionsabal na cómhalartachta.

(7) ***I bhfianaise na n-imthosca eisceachtúla agus uathúla a bhfuil gá leis an Rialachán seo a ghlacadh ina leith agus i gcomhréir leis na Conarthaí, is iomchuí don Aontas an inniúlacht chomhroinnte ábhartha atá tugtha dó sna Conarthaí a fheidhmiú go sealadach. Ba cheart aon éifeacht de chuid an Rialacháin seo, áfach, ar roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit a bheith teoranta go docht ó thaobh ama de. Níor cheart an inniúlacht a bheidh á feidhmiú ag an Aontas a fheidhmiú dá bhrí sin ach amháin i leith thréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Dá réir sin, scoirfidh an inniúlacht chomhroinnte a bheidh á feidhmiú ar an gcaoi sin de bheith á feidhmiú ag an Aontas a luaithe a scoirfidh an Rialachán seo d'fheidhm a bheith aige. I gcomhréir le hAirteagal 2(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, déanfaidh na Ballstáit, dá bhrí sin, a n-inniúlacht a fheidhmiú arís amhail ón tráth sin. Thairis sin, meabhraítear, mar a leagtar amach i bPrótacal Uimh. 25 maidir le hinniúlacht chomhroinnte atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, nach gcumhdaítear le raon feidhme fheidhmiú inniúlacht an Aontais sa Rialachán seo ach amháin na heilimintí a rialaítear leis an Rialachán seo agus nach gcumhdaítear an réimse go léir leis. Déanfar inniúlachtaí an Aontais agus na mBallstát faoi seach i leith comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích i réimse an aeriompair a chinneadh i gcomhréir leis na Conarthaí agus reachtaíocht ábhartha an Aontais á cur i gcuntas.***

(8) De réir Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, chun ceadúnais oibríochta bhailí a choinneáil, tá araeriompróirí an Aontais, go háirithe, na ceanglais úinéireachta agus rialaithe a leagtar amach sa Rialachán sin a chomhlíonadh an t-am ar fad. I gcás ina dtarlóidh tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas gan an comhaontú um tharraingt siar, is dócha go mbeidh deacrachtaí ag roinnt aeriompróirí de chuid an Aontais na ceanglais sin a chomhlíonadh amhail ón dáta um tharraingt siar. Is gá, dá bhrí sin, bearta teagmhasacha a chur i bhfeidhm. I gcomhréir le prionsabail na córa comhionainne agus na comhréireachta, ba cheart na bearta sin a bheith teoranta dá bhfuil géarghá leis chun dul i ngleic leis na fadhbanna a eascróidh as tarraingt siar neamhordúil na Ríochta Aontaithe as an Aontas. I bhfianaise na bprionsabal céanna, is gá sásraí a bhunú freisin chun gur féidir dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ionsar cheanglais úinéireachta agus rialaithe a chomhlíonadh agus chun an ceadúnas oibríochta a tharraingt siar i gcás ina bhfuil údar cuí leis sin. Chun scor tobann na n-oibríochtaí a sheachaint agus chun lamháil go háirithe do phaisinéirí a ndéanfar difear dóibh a aisdúichiú, ba cheart, i gcás nach ndearnadh aon phlean iomchuí le haghaidh gníomhaíocht feabhais a chur isteach, go mbeadh éifeacht ag cúlghairm ceadúnais oibríochta neamhchomhlíontaigh dhá sheachtain tar éis chinneadh an chinnidh cúlghairme.

(9) ***Níor cheart go gcuirfeadh an Rialachán seo cosc ar údaruithe a bheith á n-eisiúint ag na Ballstáit chun aersheirbhísí sceidealaithe a bheith á n-oibriú ag aeriompróirí an Aontais le linn dóibh na cearta arna dtabhairt dóibh ag an Ríocht Aontaithe a fheidhmiú, ar an gcaoi chéanna le cásanna a tharlaíonn i gcomhthéacs comhaontuithe idirnáisiúnta. Níor cheart do na Ballstáit idirdhealú a dheanamh idir aeriompróirí an Aontais i leith na n-údaruithe sin.***

(10) ***Ba cheart don Choimisiún agus na Ballstáit réiteach a fháil ar na fadhbanna a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do na scéimeanna um dháileadh tráchta atá ann cheana mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas. Go háirithe, ba cheart bearta iomchuí a dhéanamh chun go bhféadfar a áirithiú go bhfuil na scéimeanna sin á gcomhlíonadh go hiomlán agus chun foráil a dhéanamh a mhéid is féidir d'aistriú ordúil chun cur isteach ar phaisinéirí agus ar chuideachtaí san Aontas a sheachaint.***

(11) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir le bearta a ghlacadh chun cómhalartacht chóir a áirithiú idir na cearta a dheonóidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe go haontaobhach ar aeriompróirí a chéile, agus lena áirithiú go bhféadfaidh aeriompróirí an Aontais dul in iomaíocht le haeriompróirí na Ríochta Aontaithe faoi réir coinníollacha cothroma i dtaca le haersheirbhísí a sholáthar. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4]. ***I bhfianaise an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta sin ar nascacht na mBallstát, ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun na bearta sin a ghlacadh,. Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh a bheidh infheidhme láithreach, más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, go n-éilítear amhlaidh mar thoradh ar mhórfhorais phráinne. D'féadfadh go mbeadh baint ag na cásanna sin a bhfuil údar cuí leo le cásanna ina mainneoidh an Ríocht Aontaithe cearta coibhéiseacha a thabhairt d'aeriompróirí an Aontais agus, ar an gcaoi sin, go mbeidh sé ina chúis le míchothromaíocht fhollasach, nó i gcás ina mbeidh coinníollacha iomaíochta is lú fabhair ná na coinníollacha a theachtann aeriompróirí na Ríochta Aontaithe i soláthar seirbhísí aeriompair arna gcumhdach ag an Rialachán seo ina mbagairt d'inmharthanacht eacnamaíoch aeriompróirí an Aontais.***

[4] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(12) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon bearta sealadacha a leagan síos chun an t-aeriompar idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a rialú i gcás nach ann do chomhaontú um tharraingt siar, a ghnóthú go leordhóthanach ach, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(13) Maidir le raon feidhme críochach an Rialacháin seo agus aon tagairt don Ríocht Aontaithe ann, ní áirítear Giobráltar ann.

(14) Tá an Rialachán seo gan dochar do sheasamh dlíthiúil Ríocht na Spáinne maidir le ceannasacht ar an gcríoch ina bhfuil aerfort Ghiobráltar suite.

(15) Ba cheart forálacha an Rialacháin seo a theacht i bhfeidhm chomh luath géar agus ba cheart feidhm a bheith acu, i bprionsabal, ón lá tar éis an lae a bheidh deireadh le feidhm na gConarthaí maidir leis an Ríocht Aontaithe ▌ mura rud é go mbeidh comhaontú um tharraingt siar arna thabhairt i gcrích leis an Ríocht Aontaithe tagtha i bhfeidhm faoin dáta sin. Mar sin féin, chun gur féidir na nósanna imeachta riaracháin riachtanacha a dhéanamh a luaithe is féidir, ba cheart forálacha áirithe a bheith i bhfeidhm ón dáta a thiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Raon feidhme

Leagtar síos leis an Rialachán seo bearta sealadacha lena rialaítear an t-aeriompar idir an tAontas agus Ríocht Aontaithe na Breataine agus Thuaisceart Éireann (“an Ríocht Aontaithe”) tar éis di tarraingt siar as an Aontas.

Airteagal 2

Feidhmiú inniúlachta

1. Beidh feidhmiú inniúlacht an Aontais de bhun an Rialacháin seo teoranta do thréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin seo mar a shainítear in Airteagal 16(4). Tar éis dheireadh na tréimhse sin, scoirfidh an tAontas den inniúlacht sin a fheidhmiú agus déanfaidh na Ballstáit a n-inniúlacht a fheidhmiú arís i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

2. Beidh feidhmiú inniúlacht an Aontais de bhun an Rialacháin seo gan dochar d’inniúlacht na mBallstát maidir le cearta tráchta in aon chaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo, in aon síniú nó in aon tabhairt i gcrích de chomhaontuithe idirnáisiúnta a bhaineann le haersheirbhísí leis an Ríocht Aontaithe agus le haon tríú tír eile, i leith na tréimhse ar dá éis a scoirfidh an Rialachán seo d’fheidhm a bheith aige.

3. Ní chumhdaítear le feidhmiú inniúlacht an Aontais dá dtagraítear i mír 1 ach amháin na heilimintí a rialaítear leis an Rialachán seo.

4. Tá an Rialachán seo gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát agus an Aontais faoi seach i réimse an aeriompair maidir leis na heilimintí seachas iad siúd a rialaítear leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. ciallaíonn "aeriompar" paisinéirí, bagáiste, lasta agus post a iompar in aerárthaí, ar leithligh nó i gcomhcheangal, a chuirtear ar fáil don phobal ar luach saothair nó ar fruiliú, lena n-áirítear aersheirbhísí sceidealta agus neamhsceidealta;

2. ciallaíonn "aeriompar idirnáisiúnta" aeriompar a ghabhann tríd an aerspás thar chríoch níos mó ná Stát amháin;

3. ciallaíonn "aeriompróir de chuid an Aontais" aeriompróir a bhfuil ceadúnas bailí oibríochta aige a dheonaigh údarás ceadúnaithe inniúil i gcomhréir le Caibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008;

4. ciallaíonn “aeriompróir de chuid na Ríochta Aontaithe” aeriompróir:

(a) a bhfuil a phríomhionad gnó sa Ríocht Aontaithe; agus

(b) a chomhlíonann ceann amháin den dá choinníoll seo a leanas:

(i) gur leis an Ríocht Aontaithe agus/nó le náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe níos mó ná 50 % den ghnóthas agus gurb iad a rialaíonn é le fírinne, go díreach nó go hindíreach, trí ghnóthas idirmheánach amháin nó níos mó ná gnóthas idirmheánach amháin; nó

(ii) gur le Ballstáit an Aontais agus/nó le náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais agus/nó le Ballstáit den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus/nó náisiúnaigh na Stát sin, in aon chomhcheangal díobh sin, bídís ina n-aonar nó leis an Ríocht Aontaithe agus/nó le náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe, níos mó ná 50 % den ghnóthas agus gurb iad a rialaíonn é le fírinne, go díreach nó go hindíreach trí ghnóthas idirmheánach amháin nó níos mó ná gnóthas idirmheánach amháin;

(c) sa chás dá dtagraítear i bpointe (b)(ii), go bhfuil ceadúnas oibríochta bailí acu i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ar an lá roimh an gcéad lá a chuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm, mar a leagtar amach sa chéad fhomhír d'Airteagal 16(2);

5. ciallaíonn “rialú le fírinne” caidreamh arb éard atá ann cearta, conarthaí nó aon mhodh eile, a thugann deis, ar leithligh nó go comhpháirteach agus ag féachaint do bhreithnithe an fhíorais nó an dlí lena mbaineann, tionchar cinntitheach a fheidhmiú go díreach nó go hindíreach ar ghnóthas, ar an gcaoi seo a leanas go háirithe:

(a) tríd an gceart sócmhainní uile gnóthais, nó cuid díobh, a úsáid;

(b) trí chearta nó trí chonarthaí a mbíonn tionchar cinntitheach acu ar chomhdhéanamh, ar vótáil nó ar chinntí comhlachtaí gnóthais nó a mbíonn tionchar cinntitheach acu ar shlí eile ar reáchtáil ghnó an ghnóthais;

6. ciallaíonn “dlí na hiomaíochta” an dlí is ábhartha maidir leis an iompraíocht seo a leanas, i gcás ina bhfeadfaidh sé difear a dhéanamh do sheirbhísí aeriompair:

(a) iompraíocht arb é atá ann:

(i) comhaontuithe idir aeriompróirí, cinntí a dhéanann comhlachtaí aeriompróirí agus cleachtais chomhbheartaithe a bhfuil sé mar chuspóir agus mar éifeacht acu an iomaíocht a chosc, a shrianadh, nó a shaobhadh;

(ii) mí-úsáid ceannasachta a dhéanann aeriompróir amháin nó níos mó

(iii) bearta a dhéanann nó a choinníonn an Ríocht Aontaithe i bhfeidhm i gcás gnóthais phoiblí agus gnóthais dá ndeonaíonn an Ríocht Aontaithe cearta speisialta nó eisiacha atá contrártha le pointe (i) nó pointe (ii); agus

(b) comhchruinnithe idir aeriompróirí a chuireann bac ar an iomaíocht éifeachtach, go háirithe de thoradh ceannasacht a chruthú nó a neartú;

7. ciallaíonn "fóirdheontas" aon ranníocaíocht airgeadais a thugann an rialtas nó aon chomhlacht poiblí eile ar aon leibhéal d'aeriompróir, lena mbaineann sochar, agus ina n-áirítear:

(a) aistriú díreach cistí, amhail deontais, iasachtaí nó insileadh cothromais, aistriú díreach féideartha cistí, glacadh dliteanas amhail ráthaíochtaí iasachta, instealltaí caipitil, úinéireacht, cosaint i gcoinne féimheachta nó árachas;

(b) ioncam atá dlite ar aon slí eile a ligean thar ceal nó gan é a bhailiú;

(c) earraí nó seirbhísí, cé is moite de bhonneagar ginearálta, a sholáthar nó a cheannach; nó

(d) íocaíochtaí a dhéanamh le sásra cistiúcháin nó iad a chur ar iontaoibh comhlachta phríobháidigh nó a threorú chuig comhlacht príobháideach chun ceann amháin nó níos mó de na feidhmeanna a luaitear in (a), (b) agus (c) a dhéanamh, ar feidhmeanna iad a mbeadh ar an rialtas nó ar chomhlacht poiblí eile iad a dhéanamh de ghnáth, agus i gcás gur beag an difear atá idir an cleachtas agus na cleachtais a dhéanann rialtais de ghnáth.

Ní mheastar go mbaineann aon sochar le ranníocaíocht airgeadais a dhéanann rialtas nó comhlacht poiblí eile, más rud é go bhféadfadh sé go mbeadh an ranníocaíocht airgeadais chéanna déanta ag oibreoir sa mhargadh príobháideach agus é dírithe ar fhéidearthachtaí brabúis amháin, agus a bheadh déanta sa chás céanna ag an gcomhlacht poiblí i gceist;

8. ciallaíonn "údarás neamhspleách iomaíochta" údarás atá i gceannas ar dhlí na hiomaíochta a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú, agus ar na fóirdheontais a rialú, arb údarás é a chomhlíonann gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá an t-údarás neamhspleách ó thaobh oibríochta de agus tá na hacmhainní is gá aige chun a chuid cúraimí a dhéanamh;

(b) agus a dhualgais á ndéanamh agus a chumhachtaí á bhfeidhmiú aige, beidh ag an údarás an ráthaíocht is gá maidir le neamhspleáchas ar aon tionchar polaitiúil nó ar aon tionchar seachtrach eile, agus gníomhaíonn sé go neamhchlaonta; agus

(c) tá na cinntí a dhéanann an t-údarás faoi réir athbhreithniú breithiúnach;

9. ciallaíonn "idirdhealú" aon chineál idirdhealaithe a dhéantar gan údar oibiachtúil i dtaca le hearraí agus seirbhísí a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí poiblí, i gcás oibríocht seirbhísí aeriompair, nó i ndáil leis an tslí a gcaitheann na húdaráis phoiblí is ábhartha maidir leis na seirbhísí sin leo;

10. ciallaíonn "seirbhís aeriompair sceidealta" sraith eitiltí a mbaineann na saintréithe seo a leanas go léir leo:

(a) ar gach eitilt bíonn suíocháin agus/nó toilleadh chun lasta a iompar agus/nó toilleadh chun post a iompar ar fáil ar féidir leis an bpobal iad a cheannach astu féin (go díreach ón aeriompróir nó óna ghníomhairí údaraithe);

(b) oibrítear í chun freastal ar thrácht idir an dá aerfort chéanna nó níos mó ná an dá aerfort chéanna, cibé acu:

(i) de réir tráthchlár foilsithe; nó

(ii) le heitiltí a bhíonn ann chomh rialta nó chomh minic sin gur léir gur sraith chórasach iad;

11. ciallaíonn “seirbhís aeriompair neamhsceidealaithe” seirbhís aeriompair tráchtála a fheidhmítear, cé is moite d’aersheirbhís sceidealaithe;

12. ciallaíonn “críoch an Aontais” an chríoch talún sin, na huiscí inmheánacha sin agus na huiscí teorann de chuid na mBallstát a bhfuil feidhm ag an gConradh ar an Aontas Eorpach agus ag an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leo, faoi na coinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí sin, agus an t-aerspás os a gcionn;

13. ciallaíonn “críoch na Ríochta Aontaithe” críoch talún, uiscí inmheánacha agus uiscí teorann na Ríochta Aontaithe agus an t-aerspás os a gcionn;

14. ciallaíonn “Coinbhinsiún Chicago” an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta, a osclaíodh lena shíniú in Chicago an 7 Nollaig 1944.

Airteagal 4

Cearta tráchta

1. Féadfaidh iompróirí na Ríochta Aontaithe, faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo, an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) eitilt thar chríoch an Aontais gan tuirlingt;

(b) stadanna a dhéanamh i gcríoch an Aontais chun críocha nach mbaineann le trácht, de réir bhrí Choinbhinsiún Chicago;

(c) seirbhísí aeriompair idirnáisiúnta sceidealaithe agus neamhsceidealaithe a fheidhmiú do phaisinéirí, do chumasc de phaisinéirí agus de lasta agus seirbhísí uile-lasta idir aon dá phointe a bhfuil ceann amháin suite i gcríoch na Ríochta Aontaithe agus an ceann eile suite i gcríoch an Aontais;

(d) ar feadh cúig mhí ar a mhéad ón gcéad lá den iarratas a leagtar amach sa chéad fhomhír d'Airteagal 16(2), seirbhísí aeriompair idirnáisiúnta sceidealaithe agus neamhsceidealaithe a fheidhmiú do sheirbhísí uile-lasta idir aon dá phointe a bhfuil ceann amháin suite i gcríoch an Aontais agus an ceann eile suite i gcríoch tríú tír, mar chuid de sheirbhís ina bhfuil tionscnamh nó ceann scríbe i gcríoch na Ríocht Aontaithe. Ní rachaidh ***an*** toilleadh séasúrach iomlán a bheidh le soláthar ag aeriompróirí na Ríochta Aontaithe ▌ do ***na seirbhísí sin*** thar líon iomlán na minicíochtaí arna bhfeidhmiú ag na haeriompróirí sin▌ le linn shéasúr geimhridh agus shéasúr samhraidh IATA na bliana 2018 faoi seach, ***pro rata temporis***;

(e) ar feadh seacht mí ar a mhéad ón gcéad lá den iarratas a leagtar amach sa chéad fhomhír d'Airteagal 16(2), leanúint d'aersheirbhísí sceidealta a sholáthar ar bhealaí faoi réir oibleagáidí seirbhíse poiblí i gcás inar deonaíodh an ceart chun oibriú i gcomhréir le hAirteagal 16 agus le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus faoi réir na coinníollacha do na seirbhísí sin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 a bheith á gcomhlíonadh.

2. Úsáidfidh na Ballstáit an tréimhse dá dtagraítear i bpointe (e) de mhír 1 chun aon bhearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go leanfaidh na seirbhísí poiblí a mheastar a bheith riachtanach tar éis don tréimhse sin dul in éag, i gcomhréir le hAirteagal 16 agus Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008.

I

3. Ní dhéanfaidh na Ballstáit caibidlíocht ná ní thabharfaidh siad aon chomhaontú déthaobhach ná aon socrú i gcrích leis an Ríocht Aontaithe maidir le hábhair a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo ***i leith na tréimhse ar lena linn a bheidh feidhm ag an Rialachán seo.*** Maidir leis an tréimhse sin, ní dheonóidh siad ar aon slí eile d'aeriompróirí na Ríochta Aontaithe, i dtaca le haeriompar, aon chearta seachas na cearta sin a dheonaítear leis an Rialachán seo.

Airteagal 5

Socruithe margaíochta comhoibritheacha

1. Féadfar seirbhísí aeriompair i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán seo a sholáthar faoi shocruithe margaíochta comhoibritheacha, amhail socruithe maidir le suíocháin in áirithe nó socruithe códroinnte, mar a leanas:

(a) féadfaidh an t-aeriompróir de chuid na Ríochta Aontaithe gníomhú mar an t-iompróir margaíochta, le haon iompróir oibriúcháin arb aeriompróir de chuid an Aontais nó aeriompróir de chuid na Ríochta Aontaithe é, nó le haon iompróir oibriúcháin de chuid tríú tír a theachtann na cearta tráchta is gá faoi dhlí an Aontais nó, de réir mar is infheidhme, faoi dhlí an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann, mar aon leis an gceart dá iompróirí na cearta sin a fheidhmiú trí bhíthin an tsocraithe i dtrácht.

(b) féadfaidh an t-aeriompróir de chuid na Ríochta Aontaithe gníomhú mar an t-iompróir oibriúcháin, le haon iompróir margaíochta arb aeriompróir de chuid an Aontais nó aeriompróir de chuid na Ríochta Aontaithe é, nó le haon iompróir margaíochta de chuid tríú tír a theachtann na cearta bealaigh is gá faoi dhlí an Aontais nó, de réir mar is infheidhme, faoi dhlí an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann, mar aon leis an gceart dá iompróirí na cearta sin a fheidhmiú trí bhíthin an tsocraithe i dtrácht.

2. Maidir le dul ar iontaoibh socruithe margaíochta, bíodh sé mar iompróir oibriúcháin nó mar iompróir margaíochta, ní bheidh mar thoradh air i gcás ar bith, i dtaobh aeriompróir de chuid na Ríochta Aontaithe, go mbeidh cearta á bhfeidhmiú aige seachas na cearta sin dá bhforáiltear in Airteagal 4(1).

3. Ní dhéanfar i gcás ar bith na cearta arna ndeonú d'aeriompróirí na Ríochta Aontaithe faoi mhír 1 a fhorléiriú mar aon chearta a bheith á dtabhairt d'aeriompróirí tríú tír seachas na cearta sin atá acu faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann.

4. Déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann a cheangal go ndéanfaidh a n-údaráis inniúla na socruithe dá dtagraítear i mír 1 a fhormheas chun a fhíorú go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo agus na ceanglais is infheidhme i ndlí an Aontais agus sa dlí náisiúnta, go háirithe maidir le sábháilteacht agus slándáil.

Airteagal 6

Léasú aerárthaí

1. ***Agus na cearta dá bhforáiltear in Airteagal 4(1) á bhfeidhmiú aige, féadfaidh aeriompróir de chuid na Ríochta Aontaithe seirbhísí aeriompair a sholáthar lena aerárthaí féin agus i ngach cás díobh seo a leanas:***

(a) ***ag baint úsáid as aerárthaí arna léasú gan chriú ó aon léasóir;***

(b) ***ag baint úsáid as aerárthaí arna léasú le criú ó aon aeriompróir eile de chuid na Ríochta Aontaithe;***

(c) ***ag baint úsáid as aerárthaí arna léasú le criú ó aeriompróirí d'aon tír seachas an Ríocht Aontaithe, ar choinníoll go bhfuil údar cuí leis an léasú ar bhonn riachtanais eisceachtúla, riachtanais toillte shéasúracha, nó deacrachtaí oibríochtúla an léasaí agus nach maireann an léasú níos faide ná an fad a bhfuil géarghá leis chun na riachtanais sin a chomhlíonadh nó na deacrachtaí sin a shárú.***

2. ***Déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann a cheangal go ndéanfaidh a n-údaráis inniúla na socruithe dá dtagraítear i mír 1 a fhormheas chun a fhíorú go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach ansin agus na ceanglais is infheidhme i ndlí an Aontais agus sa dlí náisiúnta, go háirithe maidir le sábháilteacht agus slándáil.***

Airteagal 7

Ceadúnais oibríochta a láimhseáil i bhfianaise na gceanglas úinéireachta agus rialaithe

1. De mhaolú ar Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, i gcás ina scoireann aeriompróir a bhfuil ceadúnas oibríochta aige, arna eisiúint ag Ballstát seachas an Ríocht Aontaithe, de bheith ag comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i bpointe (f) d'Airteagal 4 den Rialachán sin ('ceanglais úinéireachta agus rialaithe') mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas, ní dhéanfaidh mainneachtain na ceanglais sin a chomhlíonadh difear do bhailíocht an cheadúnais oibríochta go dtí tréimhse sé mhí ón gcéad lá den chur i bhfeidhm a leagtar amach sa chéad fhomhír d'Airteagal 16(2) den Rialachán seo, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach i mír 2 go mír 5 den Airteagal seo.

2. Taobh istigh de choicís ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, cuirfidh an t-aeriompróir plean i dtaca le gníomh feabhais i láthair don údarás ceadúnaithe inniúil. Leagfar amach leis an bplean sin, ar bhealach iomlán agus beacht, na bearta atá beartaithe chun lánchomhlíonadh na gceanglas úinéireachta agus rialaithe a bhaint amach ar an gcéad lá tar éis na tréimhse dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ar a dhéanaí. I gcás nach mbeidh plean curtha i láthair ag an aeriompróir laistigh den teorainn ama, déanfaidh an t-údarás ceadúnaithe inniúil, tar éis dó an deis a thabhairt don aeriompróir a bharúlacha a chur in iúl, an ceadúnas oibríochta a chúlghairm láithreach, ach ar a luaithe ón dáta dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 16(2), agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin. Beidh éifeacht ag an gcúlghairm sin coicís tar éis chinneadh an údaráis ceadúnaithe, ach ar a luaithe ón dáta dá dtagraítear in Airteagal 16(2). Cuirfidh an t-údarás ceadúnaithe a chinneadh in iúl don aeriompróir agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas.

3. I gcás ina mbeidh plean i dtaca le gníomh feabhais curtha i láthair ag an aeriompróir laistigh den teorainn ama dá dtagraítear i mír 2, déanfaidh an t-údarás ceadúnaithe inniúil, taobh istigh de dhá mhí ón bplean a fháil, measúnú ar cibé an mbainfí amach de thoradh ar na bearta arna leagan amach ann lánchomhlíonadh na gceanglas úinéireachta agus rialaithe ar a dhéanaí ar an gcéad lá tar éis na tréimhse dá dtagraítear i mír 1, agus ar cibé an dócha go gcuirfeadh an t-aeriompróir na bearta i gcrích faoin dáta sin. Cuirfidh an t-údarás ceadúnaithe inniúil an t-aeriompróir agus an Coimisiún ar an eolas maidir lena mheasúnú.

4. I gcás ina gcinnfidh an t-údarás ceadúnaithe inniúil, tar éis dó an deis a thabhairt don aeriompróir lena mbaineann a bharúlacha a chur in iúl, nach mbainfí amach lánchomhlíonadh na gceanglas úinéireachta agus rialaithe de thoradh ar na bearta a leagtar amach sa phlean ar a dhéanaí ar an gcéad lá tar éis na tréimhse dá dtagraítear i mír 1, nó i gcás nár dócha go gcuirfeadh an t-aeriompróir na bearta i gcrích faoin dáta sin, féadfaidh sé an ceadúnas oibríochta a chúlghairm láithreach. Beidh éifeacht ag an gcúlghairm sin coicís tar éis chinneadh an údaráis ceadúnaithe. Cuirfidh an t-údarás ceadúnaithe a chinneadh in iúl don aeriompróir agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas.

5. I gcás ina gcinnfidh an t-údarás ceadúnaithe inniúil go mbainfí amach lánchomhlíonadh na gceanglas úinéireachta agus rialaithe de thoradh ar na bearta a leagtar amach sa phlean ar a dhéanaí ar an gcéad lá tar éis na tréimhse dá dtagraítear i mír 1, agus i gcás inar dócha go gcuirfeadh an t-aeriompróir na bearta i gcrích faoin dáta sin, déanfaidh sé grinnfhaireachán leanúnach ar chur chun feidhme an phlean agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas go rialta maidir le torthaí an fhaireacháin.

6. Faoi dheireadh na tréimhse dá dtagraítear i mír 1, cinnfidh an t-údarás ceadúnaithe inniúil cibé an bhfuil na ceanglais úinéireachta agus rialaithe á lánchomhlíonadh ag an aeriompróir. Má chinneann an t-údarás ceadúnaithe inniúil, tar éis dó an deis a thabhairt don aeriompróir lena mbaineann a bharúlacha a chur in iúl, nach bhfuil na ceanglais úinéireachta agus rialaithe á lánchomhlíonadh ag an aeriompróir, déanfaidh sé an ceadúnas oibríochta a chúlghairm amhail ón gcéad lá tar éis na tréimhse dá dtagraítear i mír 1.

7. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, tar éis dó an deis a thabhairt don údarás ceadúnaithe inniúil agus don aeriompróir a mbarúlacha a chur in iúl, gur mhainnigh an t-údarás ceadúnaithe inniúil an ceadúnas oibríochta ábhartha a chúlghairm, i gcás ina bhfuil gá leis an gcúlghairm sin faoi mhír 2 nó faoi mhír 6 den Airteagal seo, iarrfaidh an Coimisiún ar an údarás ceadúnaithe inniúil an ceadúnas oibríochta a chúlghairm i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 15(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008. Beidh feidhm ag an tríú fomhír agus ag an gceathrú fomhír d'Airteagal 15(3) den Rialachán sin.

8. Tá an tAirteagal seo gan dochar do chur i bhfeidhm aon fhorála eile a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008.

Airteagal 8

Coibhéis maidir le cearta

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar na cearta a thabharfaidh an Ríocht Aontaithe d'aeriompróirí an Aontais agus na coinníollacha a bhaineann lena bhfeidhmiú.

2. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún nach bhfuil na cearta a thabharfaidh an Ríocht Aontaithe d'aeriompróirí an Aontais coibhéiseach, *de jure nó de facto*, leis na cearta a thabharfar d'aeriompróirí na Ríochta Aontaithe faoin Rialachán seo, nó nach bhfuil na cearta sin ar fáil ar bhonn comhchosúil d'aeriompróirí uile an Aontais, ***déanfaidh an Coimisiún gan mhoill agus*** d'fhonn an choibhéis a athbhunú, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun na nithe seo a leanas a dhéanamh ▌ :

(a) ***teorainneacha a leagan síos ar*** an acmhainn ***incheadaithe*** i gcomhair ***seirbhísí aeriompair sceidealaithe*** a bheidh ar fáil d'aeriompróirí na Ríochta Aontaithe ▌ agus a cheangal ar na Ballstáit údaruithe oibríochta aeriompróirí na Ríochta Aontaithe a oiriúnú, idir na húdaruithe atá ann cheana agus na húdaruithe a deonaíodh le déanaí, dá réir sin;

(b) a cheangal ar na Ballstáit na húdaruithe oibríochta sin a dhiúltú, a chur ar fionraí nó a chúlghairm; nó

(c) ***dualgais airgeadais nó srianta oibríochtúla*** a fhorchur.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2). Glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta práinne dá dtagraítear in Airteagal 15(3), más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo ina bhfuil easpa mhór choibhéise chun críocha mhír 2, má cheanglaítear amhlaidh mar thoradh ar mhórfhorais práinne.

Airteagal 9

Iomaíocht chóir

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar na coinníollacha faoina rachaidh aeriompróirí agus aerfoirt an Aontais in iomaíocht le haeriompróirí agus aerfoirt na Ríochta Aontaithe i dtaca leis na haersheirbhísí a chumhdaítear leis an Rialachán seo a sholáthar.

2. I gcás ina gcinnfidh sé, mar gheall ar aon cheann de na cásanna dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, nach bhfuil na coinníollacha sin chomh fabhrach leis na coinníollacha atá á dteachtadh ag aeriompróirí de chuid na Ríochta Aontaithe, déanfaidh an Coimisiún, ***gan mhoill,*** chun an staid sin a réiteach, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh :

   (a) ***teorainneacha a leagan síos ar*** an acmhainn ***incheadaithe*** i gcomhair ***seirbhísí aeriompair sceidealaithe*** a bheidh ar fáil d'aeriompróirí na Ríochta Aontaithe agus a cheangal ar na Ballstáit údaruithe oibríochta aeriompróirí na Ríochta Aontaithe a oiriúnú, idir na húdaruithe atá ann cheana agus na húdaruithe a deonaíodh le déanaí, dá réir sin;

   (b) a cheangal ar na Ballstáit na húdaruithe oibríochta sin a dhiúltú, a chur ar fionraí nó a chúlghairm maidir le haeriompróirí uile na Ríochta Aontaithe nó roinnt díobh; nó

(c) ***dualgais airgeadais nó srianta oibríochtúla*** a fhorchur.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2). Glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta práinne dá dtagraítear in Airteagal 15(3), más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo ina bhfuil bagairt d'inmharthanacht eacnamaíoch oibríochta amháin nó níos mó de chuid aeriompróirí an Aontais, go gceanglaítear amhlaidh mar thoradh ar mhórfhorais práinne.

3. ***Maidir leis na*** gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2, ***déanfar iad a ghlacadh faoi réir na coinníollacha a shonraítear sa mhír sin,*** chun na cásanna seo a leanas a réiteach:

(a) fóirdheontais a bheith á ndeonú ag an Ríocht Aontaithe;

(b) gan dlí na hiomaíochta a bheith ar bun ag an Ríocht Aontaithe nó curtha i bhfeidhm ag an Ríocht Aontaithe;

(c) gan údarás iomaíochta neamhspleách a bheith curtha ar bun agus á choinneáil ar bun ag an Ríocht Aontaithe;

(d) caighdeáin maidir le cosaint oibrithe, sábháilteacht, slándáil***,*** an comhshaol***, nó cearta paisinéirí,*** atá níos laige ná na caighdeáin a leagtar síos i ndlí an Aontais a bheith á gcur i bhfeidhm ag an Ríocht Aontaithe, nó in éagmais forálacha ábhartha i ndlí an Aontais, atá níos laige ná na caighdeáin a chuirtear i bhfeidhm sna Ballstáit uile nó, i gcás ar bith, níos laige ná na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha;

(e) aon chineál idirdhealaithe i gcoinne aeriompróirí an Aontais.

4. Chun críocha mhír 1, féadfaidh an Coimisiún faisnéis a iarraidh ar údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe, aeriompróirí na Ríochta Aontaithe nó aerfoirt na Ríochta Aontaithe. I gcás nach gcuirfidh údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe, aeriompróir na Ríochta Aontaithe nó aerfort na Ríochta Aontaithe an fhaisnéis a iarradh ar fáil faoi cheann tréimhse ama réasúnta arna forordú ag an gCoimisiún, nó ina gcuirfidh siad faisnéis neamhiomlán ar fáil, féadfaidh an Coimisiún déanamh de réir mhír 2.

5. Ní bheidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] maidir le hábhair a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

---

5 ***Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le cosaint ar fhóirdheonú agus ar chleachtais éagóracha praghsála a dhéanann díobháil d'aeriompróirí Comhphobail agus iad ag soláthar aersheirbhísí ó thíortha nach Ballstáit den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 162, 30.04.2004, lch. 1).***

Airteagal 10

Údarú oibríochta

1. Gan dochar do dhlí an Aontais ná don dlí náisiúnta i réimse na sábháilteachta eitlíochta, chun na cearta a dheonaítear dóibh faoi Airteagal 4 a fheidhmiú, cuirfear de cheangal ar aeriompróirí na Ríochta Aontaithe údarú oibríochta a fháil ó gach Ballstát ina dteastaíonn uathu oibriú.

2. Tar éis dó iarratas ar údarú oibríochta a fháil ó aeriompróir de chuid na Ríochta Aontaithe, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann an t-údarú oibríochta iomchuí a dheonú gan moill mhíchuí, ar choinníoll:

(a) go bhfuil ceadúnas oibríochta bailí i gcomhréir le reachtaíocht na Ríochta Aontaithe ag aeriompróir na Ríochta Aontaithe is iarratasóir; agus

(b) go bhfeidhmíonn agus go gcoinníonn an Ríocht Aontaithe ar bun rialú rialála éifeachtach ar aeriompróir na Ríochta Aontaithe is iarratasóir, go sainaithnítear an t-údarás inniúil go soiléir agus go bhfuil deimhniú aeroibreora atá curtha ar fáil ag an údarás sin ag aeriompróir na Ríochta Aontaithe.

3. Gan dochar don ghá atá ann go leor ama a thabhairt chun measúnuithe riachtanacha a dhéanamh, beidh aeriompróirí na Ríochta Aontaithe i dteideal a n-iarratais ar údaráis oibríochta a chur isteach ón lá a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm. Beidh sé de chumhacht ag na Ballstáit na hiarratais sin a fhormheas amhail ón lá sin, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha maidir leis an bhformheas sin. Ní bheidh éifeacht ag aon údaruithe a dheonófar ar an gcaoi sin, áfach, níos túisce ná ▌ an chéad lá den chur i bhfeidhm ***a leagtar amach*** sa ***chéad fhomhír*** d'Airteagal 16(2).

Airteagal 11

Pleananna, cláir agus sceidil oibríochta

1. Déanfaidh aeriompróirí na Ríochta Aontaithe pleananna, cláir agus sceidil oibríochta maidir le haersheirbhísí a thíolacadh lena bhformheas chuig údaráis inniúla gach Ballstáit lena mbaineann. Déanfar aon tíolacadh den chineál sin 30 lá ar a laghad roimh thús na n-oibríochtaí.

2. I gcomhréir le hAirteagal 10, féadfar na pleananna, na cláir agus na sceidil oibríochta do shéasúr IATA atá ann ar an gcéad lá a chuirfear an Rialachán seo a leagtar amach sa chéad fhomhír d'Airteagal 16(2) i bhfeidhm agus na pleananna, na cláir agus na sceidil oibríochta sin don chéad séasúr eile dá éis sin a thíolacadh agus a fhormheas roimh an dáta sin.

3. Ní chuirfidh an Rialachán seo cosc ar údaruithe a bheith á n-eisiúint ag na Ballstáit chun aersheirbhísí a bheith á n-oibriú ag iompróirí an Aontais le linn dóibh na cearta arna dtabhairt dóibh ag an Ríocht Aontaithe a fheidhmiú. Ní dhéanfaidh na Ballstáit idirdhealú idir iompróirí an Aontais i leith na n-údaruithe sin.

Airteagal 12

Údarú a dhiúltú, a chúlghairm, a fhionraí agus a theorannú

1. Diúltóidh na Ballstáit údarú oibríochta aeriompróra de chuid na Ríochta Aontaithe, nó de réir an cháis, déanfaidh siad é sin a chúlghairm nó a fhionraí sna cásanna seo a leanas:

   (a) níl an t-aeriompróir cáilithe ina aeriompróir de chuid na Ríochta Aontaithe de réir an Rialacháin seo; nó

   (b) níl na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 10(2) comhlíonta.

2. Déanfaidh na Ballstáit coinníollacha maidir le húdarú oibríochta aeriompróra de chuid na Ríochta Aontaithe a dhiúltú, a chúlghairm, a fhionraí, a theorannú nó a fhorchur, nó déanfaidh siad coinníollacha maidir le húdarú oibríochta aeriompróra de chuid na Ríochta Aontaithe a theorannú nó a fhorchur in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

   (a) na ceanglais sábháilteachta agus slándála atá infheidhme, níl siad á gcomhlíonadh;

(b) na ceanglais is infheidhme maidir le haerárthaí a bheidh ag gabháil don aeriompar a ligean isteach i gcríoch an Bhallstáit lena mbaineann, maidir le hiad a oibriú sa chríoch sin agus maidir le hiad imeacht as an gcríoch sin, níl siad á gcomhlíonadh;

(c) na ceanglais is infheidhme maidir le paisinéirí, criú, bagáiste, lasta agus/nó post (lena n-áirítear rialacháin maidir le hiontráil, imréiteach, inimirce, pasanna, custaim agus coraintín, nó i gcás poist, rialacháin maidir le post) a ligean isteach i gcríoch an Bhallstáit lena mbaineann, maidir le hoibríochtaí ina leith sin a dhéanamh sa chríoch sin agus maidir le hiad imeacht as an gcríoch sin, níl siad á gcomhlíonadh;

3. Déanfaidh na Ballstáit coinníollacha maidir le húdaruithe oibríochta aeriompróirí na Ríochta Aontaithe a dhiúltú, a chúlghairm, a fhionraí, a theorannú nó a fhorchur, nó déanfaidh siad coinníollacha maidir le hoibríochtaí aeriompróirí na Ríochta Aontaithe a theorannú nó a fhorchur, i gcás ina gceanglóidh an Coimisiún orthu é sin a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 8 nó Airteagal 9:

4. Cuirfidh gach Ballstát an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi aon chinntí údarú aeriompróra de chuid na Ríochta Aontaithe a dhiúltú nó a chúlghairm de bhun mhír 1 agus mhír 2***, gan moill mhíchuí***.

Airteagal 13

Deimhnithe agus ceadúnais

Maidir le deimhnithe aeracmhainneachta, deimhnithe inniúlachta agus ceadúnais arna n-eisiúint nó arna mbailíochtú ag an Ríocht Aontaithe atá i bhfeidhm fós, aithneoidh na Ballstáit go mbeidh na deimhnithe sin agus na ceadúnais sin bailí chun seirbhísí aeriompair a bheith á n-oibriú ag aeriompróirí na Ríochta Aontaithe faoin Rialachán seo, ar choinníoll gur eisíodh agus gur bailíochtaíodh na deimhnithe sin agus na ceadúnais sin de bhun na gcaighdeán idirnáisiúnta ábhartha, ar a laghad, a bunaíodh faoi Coinbhinsiún Chicago agus i gcomhréir leis na caighdeáin sin.

Airteagal 14

Comhairliúchán agus comhar

1. Rachaidh údaráis inniúla na mBallstát i gcomhairle agus i gcomhar le húdaráis inniúla na Ríochta Aontaithe de réir mar is gá chun a áirithiú go gcuirfear an Rialachán seo chun feidhme.

2. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiúin, arna iarraidh sin orthu, gan aon mhoill mhíchuí aon fhaisnéis a fuarthas de bhun mhír 1 den Airteagal seo nó aon fhaisnéis eile is ábhartha chun Airteagail 8 agus9 a chur chun feidhme.

Airteagal 15

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh an ***Coiste arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008*** cúnamh don Choimisiún. ***Beidh*** an coiste ***sin ina choiste de réir bhrí*** Rialachán (***AE) Uimh. 182/2011***.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i dteannta Airteagal 5 de.

Airteagal 16

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm aige ón lá tar éis an lae a scoirfidh dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe de bhun Airteagal 50(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

   Beidh feidhm ag Airteagail ***7,*** 10(3) agus 11(2), áfach, ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo má tháinig comhaontú um tharraingt siar, arna thabhairt i gcrích leis an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 50(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, i bhfeidhm faoin dáta dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 2.

4. Scoirfidh an Rialachán seo d'fheidhm a bheith aige ar an dáta is luaithe den dá dháta seo a leanas:

(a) an dáta a thiocfaidh comhaontú ***cuimsitheach leis an Ríocht Aontaithe, ar páirtí an tAontas ann,*** i bhfeidhm lena rialófar soláthar aeriompair nó, de réir an cháis, an dáta a chuirfear i bhfeidhm go sealadach é; nó

(b) an 30 Márta 2020

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa …,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

Or. en